# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2566 ÓN gCOIMISIÚN

## an 13 Deireadh Fómhair 2022

## lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273 a mhéid a bhaineann le scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 69 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos rialacha lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ar rialacha iad a bhaineann, go háirithe, le scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha, clár na bhfíonghort, doiciméid tionlacain agus deimhniúchán, an clár isteach agus amach, dearbhuithe éigeantacha, fógraí agus foilsiú faisnéise ar tugadh fógra fúithi.

(2) Leasaíodh scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 le Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus is gá na leasuithe sin a léiriú i Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273.

(3) Leathnaítear an díolúine ón oibleagáid údarú i gcomhair plandú fíniúnacha a fháil chun plandú nó athphlandú limistéir a chumhdach, ar limistéir iad a bheartaítear chun bailiúcháin cineálacha fíniúna a bhunú, ar bailiúcháin cineálacha fíniúna iad a bheartaítear chun acmhainní géiniteacha a chaomhnú. Ní mór an díolúine sin a chur leis na forálacha a bhaineann le limistéir chun críoch turgnamhach nó le haghaidh plandlanna beangaithe. Chun aon mhí-úsáid as an díolúine sin a sheachaint, is iomchuí na coinníollacha a shocrú nach mór a chomhlíonadh i gcás bailiúcháin cineálacha fíniúna den sórt sin. Thairis sin, ní mór na sainmhínithe ar "fíonsaothraí" agus ar "dáileacht fíonghoirt" a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273 agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis a thabhairt cothrom le dáta chun an díolúine sin a léiriú. De ghrá na soiléireachta, ba cheart sainmhíniú nua ar an téarma "bailiúchán cineálacha fíniúna" a chur san Airteagal sin freisin.

(4) De réir mar a fhoráiltear in Airteagal 63(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, féadfaidh na Ballstáit teorainn a chur le heisiúint údaruithe i gcomhair planduithe ar an leibhéal réigiúnach i gcás limistéir shonracha atá incháilithe chun fíonta a tháirgeadh ag a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint chun riosca dea-léirithe díluachála a sheachaint i gcás sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint sonrach nó i gcás tásc geografach faoi chosaint sonrach. Ba cheart an fhoráil sin a léiriú sna rialacha maidir le srianta ar athphlandú a leagtar síos in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273.

(5) Na ceangaltais atá ar iarratasóir na critéir incháilitheachta dá dtagraítear in Airteagal 64(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Airteagal 4(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273 a chomhlíonadh, agus a áirithiú nach mbaineann riosca mór lena iarratas go ndéanfaí míleithreasú ar cháil tásca geografacha faoi chosaint sonracha, tiocfaidh deireadh leo an 31 Nollaig 2030. An teorainn ama sin a chomhfhreagraíonn do dheireadh chóras na

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273 ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le scéim na n-údaruithe le haghaidh planduithe fíniúnacha, clár na bhfíonghort, doiciméid tionlacain agus deimhniúchán, an clár isteach agus amach, dearbhuithe éigeantacha, fógraí agus foilsiú faisnéise ar tugadh fógra fúithi, agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na seiceálacha agus na pionóis ábhartha, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 555/2008, (CE) Uimh. 606/2009 agus (CE) Uimh. 607/2009 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 436/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/560 ón gCoimisiún (IO L 58, 28.2.2018, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, agus (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas (IO L 435, 6.12.2021, lch. 262).

n-údaruithe i gcomhair plandaithe fíniúnacha, ba cheart í a oiriúnú mar gheall gur cuireadh síneadh le scéim na n-údaruithe i gcomhair plandaithe fíniúnacha a tugadh isteach in Airteagal 61 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 le Rialachán (AE) 2021/2117. Ar an gcúis chéanna, ba cheart na dátaí deiridh le haghaidh ceangaltais áirithe a bhaineann leis na critéir incháilitheachta in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273 a oiriúnú freisin.

(6) Na critéir thosaíochta dá dtagraítear in Airteagal 64(2), pointí (f) agus (h), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, rinneadh iad a leasú agus a shoiléiriú, faoi seach, agus ba cheart na hathruithe sin a léiriú freisin sna codanna comhfhreagracha d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273.

(7) Thairis sin, leis an téarma "fíonsaothraí", a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273, ainmnítear fíonsaothraí gairmiúil. Mar sin féin, úsáidtear é go hearráideach freisin in Airteagal 3(3) den Rialachán Tarmligthe sin chun tagairt a dhéanamh don duine nádúrtha a tháirgeann fíon ó limistéar nach mó ná 0,1 ha lena thomhailt ag teaghlach amháin agus atá díolmhaithe ó scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe. Ba cheart an chontrárthacht sin a réiteach.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273 a leasú agus a cheartú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) ciallaíonn 'fíonsaothraí' duine nádúrtha nó dlítheanach, nó grúpa daoine nádúrtha nó dlítheanacha, cibé stádas dlíthiúil a dheonaítear don ghrúpa agus dá bhaill leis an dlí náisiúnta, a bhfuil a ghabháltas suite laistigh de chríoch an Aontais, mar a shainítear in Airteagal 52 den Chonradh ar an Aontas Eorpach i gcomhar le hAirteagal 355 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus a bhfuil limistéar faoi fhíniúnacha aige i gcás ina n-úsáidtear táirgí an limistéir sin chun táirgí fíona a tháirgeadh ar bhonn tráchtála, sin nó tairbhíonn an limistéar de na díolúintí chun críoch turgnamhach, chun bailiúcháin cineálacha fíniúna a bhunú, ar bailiúcháin cineálacha finiúna iad a bheartaítear chun acmhainní géiniteacha a chaomhnú nó le haghaidh plandlanna beangaithe dá dtagraítear in Airteagal 3(2) den Rialachán seo;";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) ciallaíonn 'dáileacht fíonghoirt' dáileacht talmhaíochta a shainmhínítear in Airteagal 67(4), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ar dáileacht faoi fhíniúnacha í arb é is aidhm di táirgí fíona a tháirgeadh ar bhonn tráchtála nó a thairbhíonn de na díolúintí chun críoch turgnamhach, chun bailiúcháin cineálacha fíniúna a bhunú ar bailiúcháin cineálacha iad a bheartaítear chun acmhainní géiniteacha a chaomhnú nó le haghaidh plandlanna beangaithe dá dtagraítear in Airteagal 3(2) den Rialachán seo;";

(c) cuirtear an pointe (l) seo a leanas isteach:

"(l) ciallaíonn 'bailiúchán cineálacha fíniúna' dáileacht fíonghoirt faoi chineálacha fíniúna iomadúla i gcás nach mó líon gach cineáil ná 50 planda.";

(2) leasaítear mír 2 d'Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"Maidir le plandú nó athphlandú limistéir a bheartaítear chun críoch turgnamhach, chun bailiúcháin cineálacha fíniúna a bhunú ar bailiúcháin cineálacha finiúna iad a bheartaítear chun acmhainní géiniteacha a chaomhnú nó le haghaidh plandlanna beangaithe, beidh sé faoi réir réamhfhógra a thabhairt do na húdaráis inniúla. Áireofar san fhógra gach faisnéis ábhartha i leith na limistéar sin agus an tréimhse ina dtarlóidh an turgnamh, ina gcoinneofar an bailiúchán cineálacha fíniúna ar bun nó ina mbeidh táirgeadh na plandlainne beangaithe ar siúl lena linn. Tabharfar fógra do na húdaráis inniúla freisin faoi shíntí le tréimhsí den sórt sin.";

(b) sa dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) féidir na fíonchaora arna dtáirgeadh sa limistéar sin agus na táirgí fíona arna bhfáil ó na fíonchaora sin a mhargú; nó”;údarú a fháil i gcomhréir le hAirteagal 64, 66 nó 68 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 le haghaidh an limistéir lena mbaineann, ionas gur

(c) tar éis an tríú fomhír, cuirtear na fomhíreanna seo a leanas isteach:

“Ní bheidh feidhm ag an díolúine dá dtagraítear i mír 1 maidir le limistéir a bheartaítear chun bailiúcháin cineálacha fíniúna a bhunú ach amháin i gcás inarb é is cuspóir do bhunú bailiúcháin den sórt sin acmhainní géiniteacha cineálacha fíniúna a chaomhnú, ar gnáthchineálacha fíniúna i réigiún áirithe táirgthe fíona iad agus i gcás nach mó an limistéar a chumhdaítear le gach bailiúchán ná 2 heicteár.

chomh maith le líon uasta fíniúnacha in aghaidh an chineáil faoi bhun na huasteorann a leagtar síos in Airteagal 2(1), pointe (l), den Rialachán seo.”;Féadfaidh na Ballstáit liosta cineálacha fíonchaoire ar a gcríocha a tharraingt suas, ar cineálacha fíonchaoire iad a aicmítear i gcomhréir le hAirteagal 81(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, agus atá incháilithe ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach chun bailiúchán cineálacha a bhunú chun acmhainní géiniteacha a chaomhnú. Féadfaidh na Ballstáit limistéar uasta le haghaidh bailiúcháin na gcineálacha fíniúna sin a shocrú faoi bhun 2 heicteár freisin,

(3) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

“Féadfaidh na Ballstáit srian a chur leis na hathphlanduithe ar bhonn Airteagal 66(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, i gcás ina bhfuil an limistéar sonrach atá le hathphlandú lonnaithe i limistéar ina bhfuil teorainn le heisiúint na n-údaruithe i gcomhair planduithe nua ina leith i gcomhréir le hAirteagal 63(2), pointe (b), den Rialachán sin agus ar choinníoll go bhfuil údar leis an gcinneadh toisc gur gá riosca dea-léirithe díluachála a sheachaint i gcás sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint (‘STFC’) sonrach nó i gcás tásc geografach faoi chosaint (‘TGFC’) sonrach.”;

(b) sa dara mír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

“Ní ann don riosca díluachála dá dtagraítear sa chéad mhír má bhíonn aon cheann de na nithe seo a leanas i gceist:”;

(4) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) i gCuid A, an dara mír, cuirtear “an 31 Nollaig 2045” in ionad an dáta “an 31 Nollaig 2030”;

(b) i gCuid B, an dara mír, cuirtear “an 31 Nollaig 2045” in ionad an dáta “an 31 Nollaig 2030”;

(5) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) leasaítear Cuid B mar a leanas:

(i) i bpointe 1, an chéad fhomhír, cuirtear “an 31 Nollaig 2045” in ionad an dáta “an 31 Nollaig 2030”;

(ii) i bpointe 2, an chéad fhomhír, cuirtear “an 31 Nollaig 2045” in ionad an dáta “an 31 Nollaig 2030”;

(iii) i bpointe 4, an dara fomhír, cuirtear “an 31 Nollaig 2045” in ionad an dáta “an 31 Nollaig 2030”;

(iv) cuirtear an pointe 5 seo a leanas isteach:

“(5) ag an mBallstát chun na críche sin. Ní rachaidh an tréimhse sin thar an 31 Nollaig 2045.”;geallann an t-iarratasóir go gcoinneoidh sé, ar feadh tréimhse 7 go 10 mbliana ar a laghad, an limistéar nó na limistéir atá le plandú as an nua le ceann amháin ar a laghad de na cineálacha a liostaítear sa liosta náisiúnta cineálacha fíniúna atá incháilithe do chaomhnú na n-acmhainní géiniteacha arna tharraingt suas

(b) i gCuid D, an dara fomhír, cuirtear “an 31 Nollaig 2045” in ionad an dáta “an 31 Nollaig 2030”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid F:

“F. **Critéar dá dtagraítear in Airteagal 64(2), pointe (f), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

An critéar dá dtagraítear in Airteagal 64(2), pointe (f), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, measfar é a bheith comhlíonta más rud é go ndéantar an méadú ar chostéifeachtúlacht nó iomaíochas nó láithreacht ar na margaí a shuí ar bhonn ceann amháin de na breithnithe seo a leanas:

(1) tá laghdú tagtha ar chostais aonaid táirge an ghabháltais in earnáil an fhíonsaothrúcháin i mbliain ar leith i gcomparáid le meán na 5 bliana roimhe sin;

(2) tá éagsúlú déanta ag an ngabháltas ar bhealaí dáileacháin a tháirgí agus/nó tá éileamh mór ar na táirgí sin i mbliain ar leith i gcomparáid le meán na 5 bliana roimhe sin.

Féadfaidh na Ballstáit tuilleadh sonraí a leagan amach i dtaobh na mbreithnithe a liostaítear i bpointí (1) agus (2).';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid H:

'H. **Critéar dá dtagraítear in Airteagal 64(2), pointe (h), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

An critéar dá dtagraítear in Airteagal 64(2), pointe (h), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, measfar é a bheith comhlíonta ar choinníoll go gcomhlíonann achar dháileachtaí fíonghoirt ghabháltas an iarratasóra, tráth an iarratais, tairseacha atá le bunú ag na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach ar bhonn critéir oibiachtúla. Socrófar na tairseacha sin mar a leanas:

(1) achar nach lú ná 0,1 heicteár de dháileachtaí fíonghoirt i gcás gabháltais bheaga;

(2) achar nach mó ná 50 heicteár de dháileachtaí fíonghoirt i gcás gabháltais mheánmhéide.

Na limistéir faoi fhíniúnacha agus a thairbhíonn de na díolúintí a leagtar síos in Airteagal 62(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ní chuirfear iad san áireamh agus achar na ndáileachtaí fíonghoirt á ríomh.';

(e) i gCuid I, Roinn II, an dara fomhír, cuirtear 'an 31 Nollaig 2045' in ionad an dáta 'an 31 Nollaig 2030';

(6) in Iarscríbhinn IV, Roinn 1.2., pointe 1, cuirtear an pointe (c) seo a leanas isteach:

"(c) limistéir arna bplandú nó arna n-athphlandú chun bailiúcháin cineálacha fíniúna a bhunú ar bailiúcháin cineálacha finiúna iad a bheartaítear chun acmhainní géiniteacha a chaomhnú.".

*Airteagal 2*

**Ceartúchán ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273**

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273:

"3. Maidir le plandú nó athphlandú limistéar a mbeartaítear a gcuid fíona nó táirgí fíniúna lena dtomhailt ag teaghlach duine nádúrtha nó ag grúpa daoine nádúrtha nach fíonsaothraithe iad de réir bhrí Airteagal 2(1), pointe (a), agus ag ceann de na grúpaí sin amháin, beidh sé faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) ní mó ná 0,1 ha limistéar den sórt sin;

(b) níl baint ag an duine nádúrtha ná ag an ngrúpa daoine nádúrtha lena mbaineann le táirgeadh tráchtála fíona ná le táirgeadh tráchtála táirgí fíona eile.

Chun críocha na míre seo, féadfaidh na Ballstáit a mheas go bhfuil eagraíochtaí áirithe atá gan gníomhaíocht tráchtála coibhéiseach le teaghlach an duine nádúrtha.

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go bhfuil na planduithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi réir fógra a thabhairt.".

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN